AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.9.2024
COM(2024) 400 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le caibidlíocht a rinne an Coimisiún i réimse na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin, de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011

1. Réamhrá

Le Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le treoirlínte áirithe a chur i bhfeidhm i réimse na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil agus lena n-aisghairtear Cinntí 2001/76 EC agus 2001/77/CE ón gComhairle[1] foráiltear in Iarscríbhinn I go gcuirfidh an Coimisiún Eorpach tuarascáil maidir le caibidlíocht i ndáil le creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil chuig Parlaimint na hEorpa. Cumhdaítear sa tuarascáil seo an tréimhse ó mhí Mheán Fómhair 2016 go dtí deireadh 2023.

Ó dheireadh na 1970idí, is é **Socrú ECFE maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil** (‘an Socrú’) an príomhfhóram le haghaidh rialacha idirnáisiúnta maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin[2]. I dteannta rialacha ginearálta maidir le hidirbhearta creidmheasa onnmhairiúcháin, tá ‘tuiscintí earnála’ sa Socrú freisin lena gcumhdaítear rialacha speisialta maoiniúcháin le haghaidh earnálacha tionsclaíocha sonracha agus cineálacha sonracha gníomhaíochta. Le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil seo, thángthas ar chomhaontú maidir leis an **Socrú a nuachóiriú** (lena n-áirítear a rialacha a ailíniú chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do spriocanna aeráide Chomhaontú Pháras), próiseas a seoladh in 2020 agus a tugadh chun críche go rathúil in 2023. Ina theannta sin, chomhaontaigh Rannpháirtithe sa Socrú in 2021 **deireadh a chur le tacaíocht oifigiúil creidmheasa onnmhairiúcháin do ghléasraí giniúna leictreachais gualbhreoslaithe**.

Lasmuigh de ECFE, rinneadh an phríomhchaibidlíocht in éineacht leis an **Meitheal Idirnáisiúnta um Chreidmheasanna Onnmhairiúcháin** (‘MI’), inar tugadh le chéile ECFE agus na mórgheilleagair sin atá ag teacht chun cinn. Leanadh den chaibidlíocht, a seoladh ar dtús in 2012, le linn na tréimhse tuairiscithe ach cuireadh ar fionraí í in 2020 mar gheall ar easpa cóineasaithe maidir le príomh-shaincheisteanna.

2. Forbairtí in ECFE le linn na tréimhse tuairiscithe

Rialacha a cheapadh

Ba í seo a leanas an chaibidlíocht is suntasaí maidir le rialacha a cheapadh le linn na tréimhse tuairiscithe: an comhaontú chun an Socrú a nuachóiriú agus é a ailíniú a thuilleadh le spriocanna aeráide i mí Iúil 2023; agus an comhaontú i mí Dheireadh Fómhair 2021 chun toirmeasc a chur ar thacaíocht oifigiúil creidmheasa onnmhairiúcháin agus ar chabhair cheangailte chun gléasraí nua giniúna leictreachais gualbhreoslaithe a onnmhairiú agus chun trealamh a onnmhairiú chuig gléasraí atá ann cheana. Forbairtí suntasacha eile le linn na tréimhse tuairiscithe ba ea athbhreithniú a sheoladh ar an toirmeasc ar ghual in 2022, an t-athchóiriú ar fhorálacha an tSocraithe maidir le costais áitiúla, agus an ráta tagartha don ús tráchtála (RTÚT). Luaitear roinnt athruithe eile ar an Socrú thíos freisin.

(i) Nuachóiriú an tSocraithe agus leathnú raon feidhme na Tuisceana Earnála maidir leis an Athrú Aeráide (TEAA).

[1] IO L 326, 8.12.2011, lch. 45.

[2] Tá 11 rannpháirtí sa Socrú inniu: An Astráil, Ceanada, an tAontas Eorpach, an tSeapáin, an Chóiré, an Nua Shéalainn, an Iorua, an Eilvéis, an Tuirc, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe.

Tar éis an chéad togra ón Aontas i mí na Samhna 2019, tháinig na Rannpháirtithe ar chomhaontú maidir le creat coiteann don chaibidlíocht chun an Socrú a nuachóiriú i mí na Samhna 2020. Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht theicniúil i mí na Samhna 2020 agus thángthas ar chomhaontú críochnaitheach i mí an Mhárta 2023.

Leis an **nuachóiriú**, a tháinig i bhfeidhm an 15 Iúil 2023, ceadaítear téarmaí aisíocaíochta níos faide suas le 22 bhliain d'idirbhearta atá neamhdhíobhálach don aeráid, agus suas le 15 bliana d'fhormhór na n-idirbheart eile. Tá gach tír faoi réir na rialacha céanna maidir le téarmaí uasta aisíocaíochta (gan aon idirdhealú idir tíortha Chatagóir I agus tíortha Chatagóir II). Cuireann an Socrú nuachóirithe níos mó solúbthachta ar fáil freisin sa phróifíl aisíocaíochta, (i.e. struchtúr na dtéarmaí maidir le haisíocaíocht lena n-áirítear minicíocht, méid agus patrún aisíocaíocht an bhunairgid agus íocaíocht an úis), agus tá gá le trédhearcacht láidir an tráth céanna. Ina theannta sin, déantar préimhrátaí íosta rioscaí mainneachtana a bhfuil sé d'oibleagáid ar ghníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin a ghearradh as a gcumhdach árachais a ísliú (faoi uasmhéid 15 %) le haghaidh idirbhearta a bhfuil téarmaí aisíocaíochta níos faide acu. I gcorp an tSocraithe, scriosadh na tuiscintí earnála ar an mbonneagar iarnróid agus ar na struchtúir maoinithe tionscadal toisc go raibh siad iomarcach de dheasca nach raibh siad chomh solúbtha céanna le rialacha ginearálta an tSocraithe.

Thairis sin, leathnaigh Rannpháirtithe **raon feidhme TEAA** chun tionscadail a bhaineann le táirgeadh fuinnimh atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chumhdach; Gabháil, stóráil agus iompar CO2; tarchur, dáileadh agus stóráil fuinnimh; hidrigin ghlan agus amóinia glan; monarú astaíochtaí ísle; iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle; agus mianraí agus mianta fuinnimh ghlain. Cuideoidh an fhorbairt sin le tionchar an mhaoinithe onnmhairiúcháin a mhéadú sna hiarrachtaí chun cuspóirí aeráide a bhaint amach agus chun gealltanas Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh maidir le sreafaí airgeadais a chur ar aon dul le bealach i dtreo astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus i dtreo forbairt atá seasmhach ó thaobh na haeráide de.

Faoi chuimsiú nuachóiriú an tSocraithe, rinneadh athfhoirmliú freisin ar an **Tuiscint Earnála maidir le Longa** (TEL) chun gur tuiscint earnála fhéinchuimsitheach a bheadh inti. (Note: Cuireadh tús leis an bplé maidir le hathchóiriú TEL i mí an Mhárta 2024.)

(ii) Toirmeasc ar thacaíocht do ghléasraí giniúna leictreachais gualbhreoslaithe

I mí an Mheithimh 2021, thíolaic an tAontas, i gcruinniú de Rannpháirtithe an tSocraithe, a thogra chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Tuiscint Earnála maidir le Tionscadail Giniúna Leictreachais Gualbhreoslaithe (TEGB – is í sin an Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Socrú roimhe seo) d'fhonn toirmeasc a chur ar chreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil nó ar chabhair cheangailte le haghaidh gléasraí giniúna leictreachais gualbhreoslaithe, ar sholáthar trealaimh do na gléasraí cumhachta sin agus ar ghníomhaíochtaí gaolmhara, mar atá an mhianadóireacht agus iompar guail theirmigh. Rinneadh tuilleadh caibidlíochta ag cruinniú urghnách de na Rannpháirtithe a tionóladh ar bhonn fíorúil an 15 Meán Fómhair 2021. Tháinig na Rannpháirtithe ar chomhthoil i mí Dheireadh Fómhair 2021, roimh Chomhdháil 2021 na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP 26). Cuidíonn an toradh sin le huaillmhian an Aontais cuspóirí Chomhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide a bhaint amach.

Sa téacs comhaontaithe, arb é Airteagal 6 den Socrú é, tá toirmeasc láithreach ar chreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil nó ar chabhair cheangailte chun gléasraí nua giniúna leictreachais gualbhreoslaithe a onnmhairiú agus chun trealamh a sholáthar do ghléasraí atá ann cheana. Déantar foráil ann freisin maidir le roinnt eisceachtaí. Is féidir tacaíocht a sholáthar do ghléasraí cumhachta a oibríonn le saoráidí éifeachtacha um ghabháil, úsáid agus stóráil carbóin (GÚSC) nó do ghléasraí giniúna leictreachais gualbhreoslaithe atá ann cheana a iarfheistiú chun GÚSC a shuiteáil, bunaithe ar thairseach astaíochtaí 350 tona méadrach CO2 in aghaidh an GWh (nó critéir iomchuí chomhchosúla a liostaítear in Aicme Tionscadail B, Cineál 1 d'Fhoscríbhinn 1 den Tuiscint Earnála maidir leis an Athrú Aeráide). Mar gheall ar an dara heisceacht a d'fhéadfaí a bheith ann, is féidir tacaíocht creidmheasa onnmhairiúcháin le haghaidh trealamh laghdaithe astaíochtaí nó truaillithe a úsáid i ngléasraí atá ann cheana, ar choinníoll nach gcuirfidh sé síneadh le saolré úsáideach an ghléasra ná nach dtiocfaidh méadú ar an acmhainneacht dá bharr. Ar deireadh, i gcás ina bhforbrófaí teicneolaíochtaí laghdaithe astaíochtaí CO2 neamh-GÚSC amach anseo, foráiltear le hAirteagal 6 nua go bhféadfaidh Rannpháirtithe a chinneadh, trí chomhthoil, tacaíocht a cheadú dóibh. Tháinig Airteagal 6 nua in ionad CFSU, a scriosadh ón Socrú.

(iii) Seoladh an athbhreithnithe ar Airteagal 6

Ag cur le hAirteagal 6 nua agus i gcomhthéacs leathnú raon feidhme TEAA, chuir an tAontas an chéad phlépháipéar faoi bhráid na Rannpháirtithe i mí Iúil 2022 maidir le hathbhreithniú ar Airteagal 6 den Socrú, d'fhonn gach breosla iontaise a chumhdach (lena n-áirítear gníomhaíochtaí mianadóireachta agus iompair guail theirmigh, gníomhaíochtaí taiscéalaíochta, táirgthe, iompair, stórála, scagtha, dáilte amhola agus gáis nádúrtha d'earnáil an fhuinnimh agus giniúint cumhachta gan staonadh). Leanadh de sin i mí na Samhna 2023 le togra ina leagtar amach tuilleadh faisnéise maidir le cur chuige. Leis an togra ón Aontas foráiltear maidir le toirmeasc, le heisceachtaí teoranta, faoi réir sásra trédhearcachta láidir agus maidir le ceanglas aon tacaíocht leanúnach a nochtadh, mar aon le bonn cirt lena soláthar. D'eisiafaí leis an togra freisin gach tionscadal atá bunaithe ar bhreosla iontaise ó TEAA. Tá sé á phlé faoi láthair ag na rannpháirtithe.

(iv) Athchóiriú ar sholáthairtí costais áitiúil

I mí an Mheithimh 2019, thíolaic an tAontas togra chun uasmhéid na gcostas áitiúil a mhéadú a bhféadfaí tacú leo faoi rialacha an tSocraithe. Phléigh na Rannpháirtithe an togra i mí na Samhna 2019, agus i mí an Mhárta agus i mí an Mheithimh 2020, agus faoin am sin bhí comhthoil ghinearálta ann maidir leis an bprionsabal níos mó solúbthachta a thabhairt don Socrú maidir leis an tsaincheist sin ach ní maidir leis an sásra a mhol an tAontas ar dtús.

I mí na Samhna 2020, thíolaic an tAontas togra comhréitigh, inar moladh uasleibhéal na tacaíochta don chostas áitiúil a mhéadú go 40 % de Luach an Chonartha Onnmhairiúcháin (LCO) i dtíortha Chatagóir I agus 50 % de luach an chonartha onnmhairiúcháin i dtíortha Chatagóir II do gach earnáil (seachas TEE agus TEL), agus gan aon athrú a dhéanamh ar na ceanglais maidir le réamhfhógra a thabhairt do chostas áitiúil atá os cionn 15 % de luach an chonartha onnmhairiúcháin. Chomhaontaigh na Rannpháirtithe go neamhfhoirmiúil leis an togra; na forálacha sonracha maidir le costas áitiúil atá sa Tuiscint Earnála maidir le Fuinneamh In-athnuaite, Maolú ar an Athrú Aeráide agus Oiriúnú don Athrú sin, agus Tionscadail Uisce (TEAA) a scriosadh; agus clásal athbhreithnithe a thabhairt isteach a shocrófaí a dhéanamh trí bliana tar éis theacht i bhfeidhm na bhforálacha nua maidir le costais

áitiúla. Chomhaontaigh na Rannpháirtithe go léir na hathruithe sin go foirmiúil trí nós imeachta i scríbhinn in 2021.

(v) Athchóiriú RTÚT

Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht maidir le hathchóiriú ag an 15ú cruinniú de Shaineolaithe Teicniúla na Rannpháirtithe (STR) i mí an Mhárta 2017. Tar éis sraith fhada de mhalartuithe teicniúla, chomhaontaigh na Rannpháirtithe téacs athchóirithe RTÚT go foirmiúil an 15 Iúil 2021 agus tháinig sé i bhfeidhm ón 15 Iúil 2023.

Áirítear sa chomhaontú modheolaíocht athbhreithnithe chun na bunrátaí a ríomh (agus ocht n-aibíocht bannaí rialtais á n-úsáid in ionad trí aibíocht bannaí rialtais nó ceann amháin roimhe sin fiú), ríomh comhchuibhithe RTÚT i measc tuiscintí earnála éagsúla (seachas i gcás TEL agus TEE, a bhfuil modheolaíocht RTÚT ar leithligh acu), agus disciplíní a thabhairt isteach maidir le RTÚT a shealbhú sula síneofar conradh airgeadais. Bunaíodh leis an athbhreithniú freisin táille éigeantach gealltanais le haghaidh iasachtóirí díreacha.

Thairis sin, mar gheall ar scor ráta tagarmhairc LIBOR in 2021, bhí sé dodhéanta úsáid a bhaint as an modheolaíocht a comhaontaíodh le déanaí chun corrlach nua RTÚT a ríomh (leath de mheán 3 mhí thorthaí laethúla an ráta babhtála 5 bliana + 80 bonnphointe). Chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin, chomhaontaigh na Rannpháirtithe – i gcomhthéacs na caibidlíochta maidir leis an nuachóiriú in 2023 – corrlach seasta sealadach 100 bonnphointe go dtí go bhféadfaí teacht ar rialacha nua nó go dtí an 14 Iúil 2024. I mí na Samhna 2023, chomhaontaigh saineolaithe síneadh bliana a chur leis an gcorrlach sealadach (i.e. go dtí an 14 Iúil 2025).

(vi) Línte coiteanna

Bhí tionchar diúltach eacnamaíoch phaindéim COVID-19 freisin ar fhorbairt rialacha an tSocraithe, mar a léirítear le glacadh Línte Coiteanna maidir le (i) aisíocaíocht a chur siar faoin Tuiscint Earnála Eitlíochta (TEE) in 2021 agus (ii) éarlais a laghdú, in 2021 agus 2023 araon.

- Aisíocaíocht a chur siar in earnáil na heitlíochta

I mí Feabhra 2021, chuir an tAontas togra faoi bhráid Rúnaíocht ECFE le haghaidh Líne Choiteann chun tionchar tromchúiseach ghéarchéim sláinte COVID-19 ar thionscal eitlíochta sibhialta na hEorpa a laghdú. Leis an Líne Choiteann atá beartaithe chun go bhféadfadh Rannpháirtithe TEE tacaíocht shealadach a thabhairt dá monaróirí aerárthaí sibhialta, monaróirí a bhfuil a ngnó faoi bhagairt ag na fadhbanna leachtachta gearrthéarmacha atá ag oibreoirí agus ceannaitheoirí aerárthaí agus inneall nua de dheasca srianta ar an taisteal idirnáisiúnta mar gheall ar an bpaindéim. Ghlac na Rannpháirtithe leis an Líne Choiteann agus tháinig sí i bhfeidhm an 12 Márta 2021. Cumhdaítear leis sin an tréimhse ón 1 Samhain 2020 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2021.

- Laghdú ar éarlais

An 5 Samhain 2021, tháinig na Rannpháirtithe ar chomhaontú maidir le Líne Choiteann a bhaineann leis an laghdú ar an éarlais íosta a cheanglaítear ar cheannaitheoirí in idirbhearta faoi rialacha an tSocraithe. Rinne na Rannpháirtithe an beart a bhailíochtú mar chéim phráinneach eisceachtúil a bhí ag teastáil chun freagairt don sleabhcadh eacnamaíoch a d'eascair as géarchéim sláinte COVID-19. Cuireadh síneadh bliana breise le Líne Choiteann 2021, a bhí i bhfeidhm ar dtús go dtí an 4 Samhain 2022, agus dá bhrí sin chuaigh sí in éag an 4 Samhain 2023. Chomhaontaigh na Rannpháirtithe Líne Choiteann chomhchosúil, ar fhoras rátaí úis méadaithe agus brúnna boilscitheacha leanúnacha, i mí na Nollag 2023 agus beidh éifeacht ag an Líne Choiteann ar feadh bliana.

(vii) Forbairtí eile ceaptha rialacha

Rinneadh roinnt sprioc-amanna i ndáil le hathbhreithnithe ar thuiscintí earnála éagsúla a mhodhnú le linn na tréimhse tuairiscithe. In 2021, athraíodh an spriocdháta chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tuiscint ar an earnáil núicléach (TEN) go dtí deireadh 2023, agus athraíodh trí sprioc-am maidir leis an tuiscint ar an earnáil iarnróid (TEI) (sprioc-am an athbhreithnithe, an clásal éagtha, agus modhnú an cheanglais sindeacáitithe le haghaidh idirbhearta i dtíortha ardioncaim ECFE) in 2021 go dtí deireadh 2023. (Nóta: scriosadh TEI mar chuid den nuachóiriú. Féach thíos.) Ar deireadh, cuireadh síneadh bliana go dtí an 31 Nollaig 2021 le sprioc-am clásail éagtha na Tuisceana Earnála maidir leis an Athrú Aeráide (TEAA) is infheidhme maidir le Foscríbhinn III (critéir incháilitheachta le haghaidh tionscadail um oiriúnú don athrú aeráide).

Forbairt eile le linn na tréimhse tuairiscithe ab ea ionchorprú an Chomhaontaithe maidir le Préimh do Thíortha Tagarmhairc Margaidh sa Socrú in 2017. I mí na Samhna 2016, tháinig na Rannpháirtithe ar chomhaontú maidir leis an tsraith nua rialacha sin le haghaidh tíortha préimhe rioscaí mainneachtana ina mbíonn maoiniú ón margadh príobháideach ar fáil go ginearálta (i.e. tíortha tagarmhairc margaidh).

Le linn na tréimhse tuairiscithe, lean na Rannpháirtithe de theacht ar chomhaontú maidir le síntí 2 bhliain ar an gComhaontú maidir le Trédhearcacht Creidmheasanna Neamhcheangailte COF, a tháinig i bhfeidhm ar dtús in 2005. Tharla sé sin le déanaí in 2022, nuair a cuireadh síneadh leis an gComhaontú go dtí mí na Nollag 2024, nuair a bheidh plé ann maidir leis an gComhaontú a dhéanamh buan nó síneadh a chur leis ar feadh tréimhse níos faide.

Rannpháirtithe nua

Le linn na tréimhse tuairiscithe, tháinig an Tuirc (Samhain 2018) agus an Ríocht Aontaithe (Meitheamh 2021) chun bheith ina Rannpháirtithe sa Socrú, rud a thug an líon iomlán go 11. Bhí an Ríocht Aontaithe ina Rannpháirtí freisin sa Tuiscint Earnála maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin le haghaidh Aerárthaí Sibhialta (Tuiscint Earnála maidir le hEitlíocht).

Rinne an Tuirc iarratas ar bheith ina Rannpháirtí sa Socrú i mí Mheán Fómhair 2017. Comhaontaíodh a rannpháirtíocht sa Socrú i mí na Samhna 2018 le héifeacht láithreach. Bhí an Ríocht Aontaithe rannpháirteach sa Socrú agus sa Tuiscint Earnála Eitlíochta ('TEE') araon ó bunaíodh iad trína ballraíocht san Aontas Eorpach. Tar éis di imeacht as an Aontas Eorpach an 31 Eanáir 2020, tháinig deireadh lena rannpháirtíocht. I gcruinnithe den Socrú

agus de Rannpháirtithe TEE idir mí an Mhárta 2020 agus mí an Mhárta 2021, ghlac an Ríocht Aontaithe páirt mar bhreathnóir. Bhí an Ríocht Aontaithe ina Rannpháirtí sa Socrú agus in TEE araon i mí an Mheithimh 2021.

3. An Mheitheal Idirnáisiúnta um Chreidmheasanna Onnmhairiúcháin:

Comhthéacs

Seoladh an Mheitheal Idirnáisiúnta ('MI') in 2012 mar fhóram le haghaidh idirphlé idir soláthraithe ECFE creidmheasanna onnmhairiúcháin lena dtacaíonn an rialtas agus soláthraithe neamh-ECFE creidmheasanna onnmhairiúcháin lena dtacaíonn an rialtas, d'fhonn aontú faoi thacar nua disciplíní iltaobhacha, i bhfoirm 'Treoirlínte'. Tá 18 gComhalta ag MI (na 10 Rannpháirtí i Socrú ECFE maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil – 'Socrú ECFE' an tráth sin)[3] chomh maith leis an mBrasaíl, leis an tSín, leis an India, leis an Indinéis, le hIosrael, leis an Malaeisia, le Cónaidhm na Rúise agus leis an Afraic Theas. D'fhormhuinigh an Chomhairle rannpháirtíocht an Aontais sa phlé a bhí ag MI an 26 Samhain 2015[4].

Mar sin, in ainneoin go raibh 20 seisiún caibidlíochta MI ann ó 2012 go 2019, ní dhearnadh go leor dul chun cinn. Bhí éagsúlachtaí leathana ann maidir le príomh-shaincheisteanna struchtúracha, mar atá an méid trédhearcachta is gá chun a léiriú go gcomhlíontar na disciplíní a bhí ann faoi dheireadh chomh maith lena raon feidhme. I ndeireadh na dála, mar thoradh air sin, chinn an tAontas agus grúpa Comhaltaí eile de chuid MI a rannpháirtíocht i gcaibidlíochtaí teicniúla a chur ar fionraí an 19 Samhain 2020[5]. Cé go bhfuil an fhionraíocht sealadach, níor comhlíonadh na coinníollacha go dtí seo chun ligean don obair atosú.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, bhí 9 gcruinniú theicniúla oifigiúla ag MI: in Brasilia in 2016, in Washington DC agus i mBéising in 2017, sa Róimh, sa Háig, agus i Lucsamburg in 2018 agus in Osló, i mBúcairist agus in Brasilia in 2019.

Ardrúnaí IM agus na meithleacha

Cheap Comhaltaí MI Ard-Rúnaí arb é is aidhm dó próiseas caibidlíochta níos éifeachtúla a áirithiú agus an gnó a éascú ar bhonn neodrach. Chuaigh Michal Ron Uasal ón Iodáil i mbun a cuid freagrachtaí ón 1 Meán Fómhair 2017 ar feadh tréimhse trí bliana. Chomhaontaigh na comhaltaí freisin ar a comharba, ó 2020, an tUasal Jian-Ye Wang ón tSín.

Chun ullmhú an phlé theicniúil idir cruinnithe iomlánacha MI a éascú, cruthaíodh roinnt meithleacha maidir leis an méid seo a leanas: an tacaíocht oifigiúil uasta agus an éarlais; costais áitiúla: téarmaí uasta aisíocaíochta agus próifíl aisíocaíochta; eolas a chomhroinnt; raon feidhme an chur i bhfeidhm; praghsáil; agus rátaí úis. Cuireadh tús le plé ar leith maidir le longa freisin.

[3] An Astráil, Ceanada, an tAontas, an tSeapáin, an Chóiré, an Iorua, an Nua-Shéalainn, an Eilvéis, an Tuirc agus na Stáit Aontaithe.

[4] https://www.consilium.europa.eu/media/23017/st14376-fr15.pdf

[5] https://policy.trade.ec.europa.eu/news/eu-and-10-other-members-suspend-participation-negotiations-international-working-group-export-2020-11-19_en

D'éirigh leis an gcaibidlíocht roinnt cóineasaithe a bhaint amach maidir le roinnt ceisteanna teicniúla. Mar shampla, ag an 17ú cruinniú MI i Lucsamburg, rinneadh dul chun cinn incriminteach sa phlé maidir leis an tacaíocht oifigiúil uasta, agus na páirtithe ag formheas na sainmhínithe ar 'luach an chonartha onnmhairiúcháin', 'praghas an chonartha onnmhairiúcháin' agus 'luach an chonartha tráchtála'. Ag an 20ú cruinniú MI cur chun feidhme in Brasilia i mí Mheán Fómhair 2019, chonaic na páirtithe roinnt cóineasaithe maidir le téarmaí uasta aisíocaíochta agus maoiniú tionscadail. Ina theannta sin, sa phlé maidir le loingseoireacht, fuarthas amach go raibh cóineasú páirteach maidir le gnéithe, mar atá cómhaoiniú leis an earnáil phríobháideach, túsphointe an chreidmheasa agus na costais incháilithe le haghaidh tacaíocht oifigiúil. Mar sin féin, ní rabhthas in ann torthaí a comhaontaíodh go hiomlán a bhaint amach in aon cheann de na réimsí sin.

Thairis sin, agus ba bhunúsach an ní é, ní raibh na toscaireachtaí in ann cóineasú fóinteach a bhaint amach maidir leis na príomhcheisteanna a bhí faoi thrácht sa chaibidlíocht. Bhain siad sin le conas trédhearcacht na dtéarmaí a thairgtear in idirbhearta creidmheasa onnmhairiúcháin a áirithiú, chun comhlíonadh na dtreoirlínte a léiriú; raon feidhme cumhdaigh sách leathan a bheith ann; agus an gá atá le tiomantas do chaighdeáin idirnáisiúnta maidir le hinbhuanaitheacht fiachais. In ainneoin dianchaibidlíochta chomh maith le hiarrachtaí cruthaitheacha a rinne an tArd-Rúnaí de mheon macánta comhréiteach a bhaint amach, ba léir ón dara leath de 2019 ar aghaidh nach rabhthas in ann teacht ar chomhthoil maidir leis na ceisteanna sin.

Ardaíodh an cheist nach raibh na Rannpháirtithe in ann teacht ar chomhthoil ar an leibhéal teicniúil maidir le príomhcheisteanna den chéad uair ag an 19ú cruinniú de chuid MI i mBúcairist in 2019. Leag an tAontas, i measc nithe eile, béim ar an ngá atá leis an bplé a aistriú ón leibhéal teicniúil go dtí an leibhéal polaitiúil chun iarracht a dhéanamh an tsáinn a shárú. Ní dhearnadh aon dul chun cinn mar thoradh ar thuilleadh plé neamhfhoirmiúil i Brasilia i mí Mheán Fómhair. An 21 Eanáir 2020, thug Comhairle an Aontais Eorpaigh dá haire an staid mar atá.

Cruinniú Ardleibhéil MI

Tionóladh an chéad chruinniú eile de MI ar leibhéal an Leas-Aire (Ard-Stiúrthóir), an 10 Iúil 2020, chun plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí na difríochtaí bunúsacha a dhúnadh chun an chaibidlíocht theicniúil a chur ar fáil. Roimh an gcruinniú, rinneadh iarrachtaí teacht ar chomhaontú maidir le ráiteas comhpháirteach lena bhformhuinítear bealach chun cinn maidir leis na príomh-shaincheisteanna. Mar sin féin, ní fhéadfaí teacht ar chomhthoil tríd an communiqué ná sa chruinniú féin.

Mar thoradh air sin, chuir grúpa comhaltaí MI - an Astráil, an Bhrasaíl, Ceanada, an tAontas Eorpach, an tSeapáin, an Chóiré, an Nua-Shéalainn, an Iorua, an Eilvéis, an Tuirc agus na Stáit Aontaithe - a rannpháirtíocht i gcaibidlíocht theicniúil IWG ar fionraí. D'eisigh na comhaltaí sin ráiteas poiblí maidir leis an staid an 19 Samhain 2020[6]. Tugadh ar aird sa ráiteas, 'tar éis ocht mbliana comhairliúcháin, go bhfuil seasaimh chomhaltaí MI fós an-éagsúil maidir le gealltanais i ndáil le saincheisteanna lárnacha [...].' Luaigh sé freisin nach bhféadfadh na comhaltaí is sínitheoirí 'údar a thabhairt le rannpháirtíocht leanúnach i gcaibidlíocht theicniúil MI mura ndéanfaidh na comhaltaí na gealltanais ardleibhéil is gá lena

[6] https://policy.trade.ec.europa.eu/news/eu-and-10-other-members-suspend-participation-negotiations-international-working-group-export-2020-11-19_en

gceadófar tús a chur an athuair leis an gcaibidlíocht theicniúil nó go dtí go ndéanfaidh na comhaltaí na gealltanais ardleibhéil sin.'

Chuir sínitheoirí an ráitis in iúl go soiléir, áfach, '[l]e linn dóibh tuilleadh caibidlíocht theicniúil a chur ar fionraí, beidh [siad] fós sásta tograí inchreidte a mheas, go háirithe maidir le trédhearcacht, ó na rialtais is comhaltaí MI lena bplé ar leibhéal na leas-aireachta.' D'fhógair siad freisin go bhfuil siad toilteanach a mheas amach anseo an bhfuil na dálaí ceart chun tús a chur an athuair leis an gcaibidlíocht agus chun cruinniú ardleibhéil nua de chuid MI a mheas ar leibhéal na leas-aireachta i gcás ina mbeadh údar leis sin.

Sa chomhthéacs sin, rinne an Coimisiún agus an Chomhairle measúnú bliantúil, ag deireadh 2021, 2022 agus 2023, féachaint an raibh aon fhorbairtí ann a thabharfadh údar le cruinniú ardleibhéil nua chun plé a dhéanamh ar athghníomhachtú féideartha na meithle a chur chun feidhme. Baineadh de thátal as gach ceann de na hathbhreithnithe sin nár comhlíonadh na dálaí riachtanacha, agus go háirithe nach ndearna aon cheann de na rialtais is comhaltaí MI aon mholadh maidir le haon cheann de na saincheisteanna lárnacha. Tá an chéad athbhreithniú eile beartaithe do dheireadh 2024.

Coinneoidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas go cuí faoi fhorbairtí nua.